

SGÉUL NA FOLAINNE LIAGH (LÉITHE)

Fear abhí ann – mac fir mhóir. Níl fhios a'm sa cé'n tainm abhí air. Bhíodh sé ag imteacht ag iarraidh mná ansoin agus ní raibh bean a' bith sáthach maith aige. Bhíodh sé a fhágáil marach ar chuile bhean ach ní raibh sé a dheanamh aon phósadh. Ach tháinig fear annsoin aige lá isteach - fear óg. D'fhiarruigh sé dhe cá raibh sé a gul agus dubhairt sé gur a iarraidh maighistir maith. "Is maith mar tharla" adeir sé teastuigheann tú uaimse." Bhí sé aige agus nior tháinig aon bhuachaill ariamh abhí chomh maith leis. Níor chall dó breathnú ar thada bhí chuile rud déanta ag an mbuachaill, nú go raibh sé as cionn bliana aige agus níl rud a bith d'iarrfhadh an buachaill ar sa deire nach ndeanfheadh sé. Adeir an buachaill ansoin lá leis "muise ba cheart dhuitse pósadh feasta" ó muise, níl aon bhean ann" adeir sé "atá sathach maith agam" Ag iarraidh saidhbhre is tá tú" adeir an buachaill. "Seadh" adeir sé. "Tiubhraidh mise ag iarraidh an bhean is saidhbhre faoin domhan thú má tá sé de mhisneach a'd a dhul dhá hiarruidh." "Tá" adeir sé "ach tá trí fichid cuaille ina gháirdín agus níl aon chuaille acab sin nach ceann Ríogh nú Riodaire air. Agus a mbeidh sé de mhisneach agat a theacht dá hiarraidh. Ó tharla gur airgead tá tú iarraidh ní bheidh airgead agat gan trioblóid." Adeir sé.

D'ímtigh leóthab ansoin agus d'arduigh siad leóthab capall agus bhí siad ag imteacht go raibh diúin agus deireadh a' lae a teacht . Chonnaic siad teach agus dhruid siad leis. Bhí stábla ann agus chuir an buachaill isteach an capall sa stábla. Ar a bhfaca tú ariamh anois" adeir sé seachain a mblaisfhea de aon bhlas dá mbeidh sa teach sin." Tháinig siad isteach agus gléasadh luadh dhóibh agus an cailín a leag an luadh acab "seachain" adeir sí a mblaisfheadh sib dhe aon bhlas dhen bhiadh sin mar níl ann ach nimh le sib a chur an ('un) báis. "Is maith an bhean thú" adeir an buachaill" agus íocfaidh muide go maith thú." Leagadh suas an luadh. D'eirigh siad ar maidin agus dubhairt siad nach níosfadh siad aon bhlas. Bhí an tsean bhean abhí ann a guil dóibh rud eicint ithe.

Chuidh an buachaill amach ar dtús "seachain" adeir sé "má thugann sí sin aon bhlas duit a mblaisfhea dhe go dtughfaidh tú agam – sa é. Tá cupán fuisge láidir deanta agam duit" adeir an chailleach leis an bhfear. "Is maith é sin" adeir an fear "ta'rm é." Thug sí dhó é agus thug sé amach ag an mbuachaill é. "Is maith é sin " adeir an buachaill, "tiubhraidh muid linn é" Tharraing sé amach an capall píosa ó'n stábla agus chuimail sé an fuisge dá fiacla agus ní raibh ann ach go raibh sé cuimilthe aige di nuair a thuit sí.

D'fheann sé ansoin í agus tháinig trí phreachan dubh agus ní mórán abhí ite acab di nuair a thuit na goib díob agus fuair siad bás. Thug an buachaill leis na goib agus ceann acab fhéin' Bhí siad a siubhal go dtáinig siad isteach i dteach mór árdnósach agus ní raibh aon duine istigh ach an cailín. D'fhiarruigh siad cé'n sórt teach é fhéin. "Teach a lé'n 's a deacair é seo" adeir sí. Bhí pota mór thíos ar an teine a raibh anraith ann. "Cé'n sórt anraith í seo" adeir

siad. "Anraith préacháin dubh" adeir sí. "Tabhair dhúin braoinín beag dhe go bhfeichidh muid abhfuil aon mhaith innte." Thug sí braon dóibh. "Tá sí go maith" adeir an buachaill ach bheadh sí ní bfearr dá mbeadh ceann (préachán) eile ann. Chaith sé síos an préachan abhí aige fhéin ann agus choinnigh sé na goib. "Ní bhlaifidh tú fhéin di sin anois" adeir an buachaill agus bféidir go mbeithfheá ceart ar ball." Is maith liom sin" adeir sí.

Nuair a tháinig muintir an tigh isteach – dhá fhear déag- bhí an bheirt eile thuas sa seomra. D'fhiaruigh siad cé bhí sa seomra. "Beirt daoine uaisle a tháinig isteach" adeir sí "agus ná cuirigí aon aithrid orrthab." Tá sé chomh maith dhuit é sin a thaoscadh amach orainn." Thug sí soitheach do chaon dhuine acab agus ní raibh a leath ólta acab nuair abhí siad sínte siar agus bás fáighte acab. Tháinig an buachaill anuas, "is ait an bhean thú" adeir sé. "Caithfidh muide fanacht a gcionn an tigh seo in einfeacht leat, caithfidh muid a dhul chomh fada leis an mbanrioghan mhór sin" adeir sé. Adeir an bhean, adeir sí "tá teach idir sibh agus an bhanriaghan mhór a bhfuil trí fhathach ann agus níor lig siad aon dhuine thartab ariamh." "Tá fhios a'm adeir sé "glasáilfheadh muid suas an áit seo anois" adeir sé leis an gcailín go go dtigfidh tusa an aonfheacht linn agus beidh muid ar ais aríst ann" adeir sé.

D'imthigh leóthab agus bhí siad a triall go dtáinig siad ag cúirt na bhfathach agus chuaidh an buachaill isteach ag iarraidh lóistín ar na fathaigh. Fá fá fiasóg" adeir an fathach "fághaim balaith an Éireannach bhréagach bhradach is mór liom dhe ghreim thú is beag liom dhe dhá ghreim thú." "Ní bheidh greim ag duine a' bith agaibh an-am"adeir sé ach cén sórt daoine sibh fhéin nuair a thiochaidh duine ar mhaithe lib. Tháinig mise roimh mo mhaighistir atá a teacht agus saighdiúirí aige go marbhuike sé sibh." "Is tú an fear is fearr a chonnaic muid ariamh" adeir siad ach cé'r a dheanfhas tú chor a' bith linn." "Níl agaibh ach bhur ndóthain ithe" adeir sé agus cuirfíh mé sa seomra is fuide siar sa teach sibh agus coinneóchaidh mé uaibh go maidin iad." "Ó is maith an fear thú" adeir siad "tá pota mór feóla annsoin agus leag againn é go niosfaidh (itheamuid) muid a ndóthain." "Leaghfhad" adeir sé agus leaghfaidh mé agaibh an ánráith aríst agus nólfaidh sibh í."

Nuair abhí an fheoil ar an mbord ansoin chroch sé síos an pota ar an teine agus chaith sé síos na trí ghob. Nuair abhí an anraith te leag sé soitheachde ag chaon dhuine acab agus nuair abhí a shoitheach fhein ólta ag chaon dhuine acab bhí siad cailte thimpeall ar in mbord. Tháinig an máighistir isteach annsoin agus an bhean agus thug siad leóthab iad agus chuir siad iad. D'fhan siad ann ansoinsan oidhche agus ní raibh deifir a' bith orrthab as mar ní raibh deire a' bith le saidhbhreas na bhfathaigh sin.

D'imthigh leóthab ansoin triúr go dtáinig siad chomh fada leis an áit a raibh an bhean agus dubhairt an buachaill leis rádh nar fhreastal aon chailín ariamh dó ach a chailín fhéin. D'fhiaruigh sí dhe cá raibh siad a teacht agus dubhairt seisean go raibh sé ag iarraidh mná. "Tá go maith" adeir sí "tá mise anseo " agus a dtáinig dhe fhir go m'iarraidh ariamh tá a gcuid cloigne ar na spící sin amuigh." "Cé'n tughadar abhí a'd dhóibh" adeir sé. "Sé'n an dlighe ata a'm" adeir sí "tomhais a chur ar chuile fhear san oidhche agus má bhíonn sí aige dhom cuirfidh sé tomhais orm ar maidin agus má bhíonn sí a'm dó beidh a chloigeann ar an spíce lá'r na mháireach. Cuirfidh mé tomhais ort anocht" adeir sí. Chuir sí ar an tomhais ansoin. Nuair a d'eirigh sí anuas ar maidin sul da'r ith sí aon bhlas d'fhiaruigh sí dhe a raibh

an tomhais aige rus (i riocht is) go gcuirfheadh sí a chloigeann ar an spíce sul dá nitheadh sí aon bhlas. Bhí chuile shórt innsighithe ag an mbuachaill di ar an bpointe. “Tá leat” adeir sí. Cuirfidh tusa tomhais orm anocht agus mar a mbeidh sí agam duit a maireach creidim go gcaithfidh me thú phósadh.” “Sé’n tomhais atá mé chur ort” adeir sé “cé’n níghe fuair cheithre feara déug a mharbhuigh dhá réug agus nar rinne dochar do bheirt.” “Níl fhios agam” adeir sí. “Bí dá chuartú go maidin” adeir sé.

Chuaidh siad a chodladh ansoin. Bhí triúr coibreach aici. “Teigí – se go dtí an buachaill” adeir sí agus abruigí leis go dtiúbhraidh sib chuile rud dhó ach an tomhais innseacht díb.” Bhí an buachaill agus an fear ina gcodladh, a dhá leabaidh as cionn a chéile an buachaill in íochtar agus an máigistir an uachtar. Tháinig an cailín go dtí an buachaill agus d’iarr sí air an tomhais innseacht di. “Ní innseóchadh” adeir sé. Ach gabh leith anseo an aonfheacht liom agus innseochaidh mé dhuit í.” “D’ar a shon go dtiocfhainn – se an aonfheacht leat” adeir sí. “D’ar a shon go dtiúbhrfhainn – se fios mo ghnaithe duit se” adeir seisean. Chuaidh sí ar ais agus dúbhairt sí nach n-innseóchadh sé di é mar a dheighfheadh sí an aonfheacht leis. “Imtigh leat” adeir sí “agus tabhair leat an Fholainn Dearg atá ansoin agus teirigh an aonfheacht leis agus ní bheidh aon dochar ann agus cuirfidh an Fholainn ialach air innseacht duit.”

Tháinig sí ansoin agus an fholainn uirthi ag iarraidh air inseacht di agus cá dhearnaidh sé ach an fholainn a sgiobadh agus dubhairt sé léithi imtheacht leithe. Chroch sé suas as cionn a mháigistir an fhalainn. Tháinig sí go dtí an bhean agus d’innis di gur sgiob sé an fhalainn uaithe. Huga leat” adeir sí leis an gcailín eile agus tabhair leat an fhalainn uaithe agus bféidir nach sgiobfadh sé í sin uait. Chuaidh sí go dtí é agus sgiob sé uaithe í. Tháinig sí ar ais agus d’innis sí dí gur sgiob sé é. “Huga leat ” adeir sí leis an triomadh bean” agus tabhair leat an fhalainn dhubh agus teirigh go dtí é agus bféidir nach sgiobfhadh sé uait í.” Nuair a tháinig sí go dtí é sin bhain sé dhi an fhalainn dhubh agus dhíbir sé í. Tháinig sí ar ais agus d’innis si an sgéul don bhean. Ar an bpointe ar imtigh an triomhadh bean dubhairt an buachaill leis an bhfear go gcaithfheash sé a theacht anuas san leabhaidh” agus tiocfaidh sí anois” adeir sé agus bainfidh sí an tomhais díot.”

Tháinig sí go dtí an máigistir agus folainn liath aici agus chaith sí an fhalainn annuas ina mhullach agus bhí sé ina chodladh ar a bpointe aici. “Cé’n nídh” adeir sí “a thóig cheithre fhear déug agus a mharbhuigh dhá fhear déug acab agus nach rinne aon dochar do bheirt.” “Anraith” adeir sé ar ól muid cuid de agus ar chuir mise préacháin a raibh nibh air an ansoin agus mharbuigh sé dhá fhear déug eile. Chroch sí léithi an fhalainn ansoin a dhul ag imteacht agus thug an buachaill abhí as a chionn an fhalainn uaithe . Ar maidin “tá an tomhais agam dhuit” adeir si. “Tá” adeir sé “mar d’innis mé dhuit í. Ach a bhfuil tú a dhul a cur tomhais eile orm anocht.” “Nílim” adeir sí caithfidh mé thú a mharbhughadh.” “Cuirfidh mise dlighe ort” adeir sé “mar ní bhfuair tú an tomhais amach ceart.” Shearbháil sé í. Nuair a chualadh an breitheamh an sgéul “níl mise i ndon aon cheó dheanamh” adeir sé.

Tarringheóchaidh mise breitheamh eile” adeir sí Nuair a chuala an breitheamh eile an sgéul “ní raibh aon cheart agat é a dheanamh” adeir sé leis an mbean. “Caithfidh mise breitheamh eile a fhágáil” adeir an bhean. “Cé’n sort sgéul é seo” adeir an triomhadh ceann. “Nuair a chuir mé tomhais uirthi” adeir an fear tháinig sí le falainn agus bhain sí dhíom í.” “Ní raibh aon cheart dhuit é dheanamh” adeir an breitheamh. Má chuir tú tomhais ar an bhfear seo

níor cheart dhuit é bhaint dhó le draoigheacht agus níor cheart dhuit na fir eile a mharbhughadh le draoigheacht agus cá bhfuil t'fhalainn" adeir sé. "Tá na cheithre fhalainn agam –sa- " adeir an gíomanach. "Bhain mé trí trí fhalainn dhe na cailíni agus chuir mé an fear in m'áit an sin mar bhí fhios agam go mbainfheadh sí an tomhais dhe agus nuair abhí sí ag imteacht sgiob mé an fhalainn uaithe. Agus ní innsithe ach leath an tomhais fós mar níor fhiarfrúigh sí de ach a leath." Caithfidh tú é phósadh " adeir an breitheamh "nú ar mhaith leat é phósadh" "pósfhadh"adeir sí. "Má thárluigheann aon bhlas dhó" adeir an breitheamh "go ceann bliana ná go ceann dhá bhliana nó go ceann seacht mbliana is tú bheas shíos leis."

Pósadh iad agus bhí an buachaill an aonfheacht leóthab go ceann lá agus bliain. Ansoin dubhairt an buachaill "tá sibh lá agus bliain pósta anois agus níl aon bhaoghal go dtíochfheidh aon bhlas eattoraibh go seó. Ach marach go raibh mise anseo le lá is bliain is fadó a bheadh sé curtha an báis agat." "Cé'd tá tú rádh go nimtheoch á" adeir sí. "Imitheóchadh" adeir sé. Rinne sé sin maith orm-sa fadó agus ní raibh aon ghoir agam a dhul dho na Flaithis go deó go ndeanfhainn maith eicint air agus tá sé déanta agam air anois. Agus níl deire a' bith le na chuid saidhbhris sin ach tá tú fhéin a cheapadh go bhfuil tú saidhbhir ach níl aon ghoir a'd ar a chuid saidhbhrias sin."

Bhí an ghliondar uirthi ansoin faoi'n saidhbhreas, d'ímtigh an buachaill agus níor tháinig aon bhlas eattarbh aríst go deó. Nuair abhí an buachaill ag imteacht "tiubhrfaidh tú teach na dtóiriseachaí do'n chailín" adeir sé, "agus do theach fhéin dho do dhreifiúr agus beidh teach na bhfathigh a'd fhéin. Is don chailín is córtha teach na dtóiriseachaí. Agus cuirfidh tú Aifreanachaí le na n'anam- sa.

7.10.34.

Nóta.